

An Bhruiséil, 17 Iúil 2026
(OR. en)

11918/26
ADD 2

DRS 26
ECOFIN 1020
EF 210

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 116263 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN II Leasuithe ar IFRS 19 Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 116263 annex.

Faoi iamh.: D(2026) 116263 annex

GA

D/116263/1

IARSCRÍBHINN II

Leasuithe ar IFRS 19
Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí

Leasuithe ar IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí*

Ceanglais maidir le nochtheadh

...

IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*

Leasaítear mír 56A agus scriostar mír 56C. Ní leasaítear mír 56B ach áirítear í ar mhaithe le tagairt di a éascú.

Míreanna ioncaim, speansas, gnóthachan nó caillteanas

...

- 56A Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 20C de réir aicme sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta nó ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile agus de réir aicme dliteanas airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta.
- 56B Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a chur ar éifeacht téarmaí conarthacha a d'fhéadfadh méid an tsreafa airgid chonarthaigh a athrú bunaithe ar theagmhas teagmhasach a bheith ann (nó gan a bheith ann), teagmhas nach mbaineann go díreach le hathruithe ar bhunrioscaí agus bunchostais iasachtaithe (mar atá an t-amluach airgid nó an riosca creidmheasa), nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) tuairisc cháilíochtúil ar chineál an teagmhais theagmhasaigh;
 - (b) faisnéis chainníochtúil faoi na hathruithe féideartha ar shreabhadh airgid conarthach a d'fhéadfadh teacht as na téarmaí conarthacha sin (raon na n-athruithe féideartha, mar shampla); agus
 - (c) oll-luach de réir na leabhar ar na sócmhainní airgeadais agus costas amúchta na ndliteanas airgeadais faoi réir na dtéarmaí conarthacha sin.
- 56C [Scriosta]

...

IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*

Leasaítear míreanna 137 agus 163 agus scriostar míreanna 142–159 agus a gceannteidil.

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ceart chun socraíocht a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad

- 137 Agus míreanna 101-102 agus B96-B103 de IFRS 18 á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh eintiteas dliteanais a eascraíonn as socrúithe iasachta a aicmiú mar dhliteanais neamhreacha i gcás ina bhfuil ceart an eintitis chun socraíocht na ndlíteanas sin a chur siar faoi réir cúnaight a bheith á gcomhlíonadh ag an eintiteas laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach mír B100(b) de IFRS 18). I gcásanna den sórt sin, nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) faisnéis faoi na cúnaight (lena n-áirítear cineál na gcúnaight agus an tráth a cheanglaítear ar an eintiteas iad a chomhlíonadh) agus suim ghlanluacha na ndlíteanas gaolmhar.
 - (b) fíorais agus imthosca, más ann dóibh, a léiríonn go bhféadfadh deacracht a bheith ag an eintiteas na cúnaight a chomhlíonadh — mar shampla, an t-eintiteas a ghníomhaigh le linn na tréimhse tuairiscithe nó ina dhiaidh chun sárú féideartha a sheachaint nó a mhaolú. D'fhéadfaí a áireamh freisin sna fíorais agus sna himthosca sin nach gcomhlíonadh an t-eintiteas na cúnaight dá ndéanfaí measúnú orthu lena gcomhlíonadh bunaithe ar imthosca an eintitis ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

...

142–159 [Scriosta]

...

Ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 18 atá fós infheidhme

- 163 Cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 19, 20, 28, 41, 42, 43, 82, 90, 92, B8, B11, B14, B26(b) agus B28 de IFRS 18 i bhfeidhm. Má úsáideann eintiteas tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe mar a shainaithnítear i míreanna 117–120 de IFRS 18, soláthróidh sé freisin na nochtaí a cheanglaítear le míreanna 121–125, B132 agus B134–B142 de IFRS 18.

...

IAS 7 *Ráiteas ar Shreafaí Airgid*

Scriostar mír 167 agus leasaítear mír 168.

Socrúithe maoiniúcháin um íoc soláthróirí

167 [Scriosta]

168 Nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas ar bhonn comhiomlán i ndáil lena shocrúithe maoiniúcháin um íoc soláthróirí:

- (a) téarmaí agus coinníollacha na socrúithe (mar shampla, téarmaí íocaíochta sínte agus urrús nó ráthaíochtaí arna soláthar). Mar sin féin, nochtfaidh eintiteas ar leithligh téarmaí agus coinníollacha na socrúithe a bhfuil téarmaí agus coinníollacha neamhionanna ag baint leo.
- (b) amhail ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe:
 - (i) suimeanna glanluacha, agus míreanna líne gaolmhara a chuirtear i láthair i ráiteas staide airgeadais an eintitis, na ndlíteanas airgeadais atá ina gcuid de shocrú maoiniúcháin um íoc soláthróirí.

- (ii) suimeanna glanluacha, agus míreanna líne gaolmhara, na ndliteanas airgeadais arna nochtadh faoi (i) a bhfuil íocaíocht faighte ag soláthróirí ina leith cheana féin ó na soláthraithe maoiniúcháin.
- (iii) [scriosta]
- (c) cineál agus éifeacht na n-athruithe neamhairgid ar shuimeanna glanluacha na ndliteanas airgeadais arna nochtadh faoi (b)(i). Áirítear leis na samplaí d'athruithe neamhairgid an éifeacht a bhaineann le comhcheangail ghnó, difríochtaí sa ráta malairte nó idirbhearta eile nach gá airgead tirim nó coibhéisí airgid a úsáid ina leith (féach mír 165).

...

IAS 12 *Cánacha Ioncaim*

Scríostar mír 198 agus leasaítear mír 199. Ní leasaítear míreanna 196 agus 197 ach cuirtear isteach iad chun tagairt dóibh a éascú.

Athchóiriú idirnáisiúnta cánach—rialacha samhla Cholún a Dó

- 196 Nochtfaidh eintiteas gur chuir sé an eisceacht i bhfeidhm maidir le faisnéis faoi shócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha a bhaineann le cánacha ioncaim Cholún a Dó a aithint agus a nochtadh (féach mír 4A de IAS 12).
- 197 Nochtfaidh eintiteas ar leithligh a chostas (ioncam) cánach reatha a bhaineann le cánacha ioncaim Cholún a Dó.
- 198 [Scríosta]
- 199 Le linn tréimhsí ina ndéantar reachtaíocht Cholún a Dó a achtú nó a ghlacadh sa tsubstaint ach nach bhfuil sí i bhfeidhm go fóill, nochtfaidh eintiteas faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil is eol nó is féidir a mheas go réasúnta faoina neamhchosaint ar chánacha ioncaim Cholún a Dó ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Ní gá ceanglais shonracha uile reachtaíocht Cholún a Dó a léiriú san fhaisnéis sin agus is féidir í a sholáthar i bhfoirm raon tascach. A mhéid nach eol faisnéis nó nach féidir í a mheas go réasúnta, nochtfaidh eintiteas ráiteas chuige sin agus nochtfaidh sé faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta ag an eintiteas maidir le measúnú a dhéanamh ar a neamhchosaint.

...

IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

Scriostar mír 222 agus leasaítear míreanna 221 agus 223. Ní leasaítear mír 224 ach áirítear í ar mhaithe le tagairt di a éascú.

Nochtadh nuair nach bhfuil airgeadra inmhalartaithe

- 221 Nuair a dhéanann eintiteas meastachán ar spotráta malairte toisc nach bhfuil airgeadra inmhalartaithe go hairgeadra eile (féach mír 19A de IAS 21), nochtfaidh an t-eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 223–224.
- 222 [Scriosta]
- 223 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) an t-airgeadra agus tuairisc ar na srianta a fhágann nach mbeidh an t-airgeadra sin inmhalartaithe go dtí an t-airgeadra eile;
 - (b) tuairisc ar na hidirbhearta a ndearnadh difear dóibh;
 - (c) suim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas a ndearnadh difear dóibh;
 - (d) spotrátaí malairte a úsáidtear agus an bhfuil nó nach bhfuil siad:
 - (i) cé acu is rátaí malairte inbhraite gan choigeartú iad (féach míreanna A12–A16 de IAS 21) nó nach ea; nó
 - (ii) cé acu is spotrátaí malairte a mheastar trí theicníc mheastacháin eile a úsáid iad (féach mír A17 de IAS 21) nó nach ea;
 - (e) tuairisc ar aon teicníc mheastacháin a d'úsáid an t-eintiteas, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi na hionchuir agus na toimhdí ar baineadh úsáid astu sa teicníc mheastacháin sin; agus
 - (f) faisnéis cháilíochtúil faoi gach cineál riosca a bhfuil an t-eintiteas neamhchosanta air toisc nach bhfuil an t-airgeadra inmhalartaithe go dtí an t-airgeadra eile, agus cineál agus suim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas atá neamhchosanta ar gach cineál riosca.
- 224 I gcás nach féidir airgeadra feidhmiúil de chuid oibríocht eachtrach a mhalartú go dtí an t-airgeadra tuairiscithe nó, más infheidhme, nach féidir an t-airgeadra tuairiscithe a mhalartú go hairgeadra feidhmiúil de chuid oibríocht eachtrach, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas freisin:
- (a) ainm na hoibríochta eachtraí; cibé acu is fochuideachta, oibríocht chomhpháirteach, comhfhiontar, comhlach nó brainse í an oibríocht eachtrach; agus a príomháit ghnó;
 - (b) faisnéis airgeadais achoimrithe faoin oibríocht eachtrach; agus
 - (c) cineál agus téarmaí aon socráithe chonarthaigh lena bhféadfaí ceanglas a chur ar an eintiteas tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don oibríocht eachtrach, lena n-áirítear teagmhais nó imthosca a d'fhéadfadh an t-eintiteas a nochtadh do chaillteanas.

IAS 34 Tuairisciú Airgeadais Eatramhach

Leasaítear mír 246.

Inneachar tuarascála airgeadais eatramhaí

...

Nochtaí eile

246

Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a shonraítear i bpointí (a)–(m) den mhír seo sna ráitis airgeadais eatramhacha nó corprófar í trí chrostagairt ó na ráitis airgeadais eatramhacha do ráiteas éigin eile (amhail tráchttaireacht bhainistíochta nó tuairisc ar rioscaí) atá ar fáil d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar na téarmaí céanna agus atá na ráitis airgeadais eatramhacha ar fáil dóibh agus an tráth céanna. I gcás nach bhfuil rochtain ag úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar an bhfaisnéis atá curtha san áireamh trí chrostagairt ar na téarmaí céanna agus an tráth céanna, tá an tuarascáil airgeadais eatramhach neamhiomlán. Déanfar an fhaisnéis bhreise a thuairisciú ar bhonn airgeadais bliain go dáta, de ghnáth, agus is éard a bheidh ann:

...

- (m) na nochtaí maidir le tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe a cheanglaítear le míreanna 121–125 de IFRS 18, má úsáideann an t-eintiteas tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe mar a shainithnítear i míreanna 117–120 de IFRS 18.

Leasuithe ar Fhoscríbhinn A—Dáta éifeachtach agus aistriú

Is dlúthchuid den Chaighdeán é an Fhoscríbhinn seo.

Leasaítear mír A3. Ní leasaítear mír A2 ach áirítear í ar mhaithe le tagairt di a éascú.
--

IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*

- A2 Cuirtear IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*, arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, in ionad IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais*. Tá feidhm ag IFRS 18 maidir le tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2027 agus ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe.
- A3 An t-eintiteas a roghnaíonn an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhse thuairiscithe níos luaithe ná an tréimhse thuairiscithe ina gcuireann sé IFRS 18 i bhfeidhm den chéad uair, cuirfidh sé míreanna B2–B19 d’Fhoscríbhinn B i bhfeidhm in ionad mhíreanna 128–141 agus 160–163 (faoi fho-cheannteideal IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*), 173–177 agus 182–183 (faoi fho-cheannteideal IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*) agus 246(m) (faoi fho-cheannteideal IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach*). Má chuireann an t-eintiteas den sórt sin IAS 33 *Tuilleamh in aghaidh na Scaire* i bhfeidhm, cuirfidh sé míreanna 73 agus 73A de IAS 33 i bhfeidhm in ionad mhíreanna 73B agus 73C de IAS 33 (arna leasú le IFRS 18).

Leasuithe ar Fhoscríbhinn B—Ceanglais maidir le nochtadh má chuireann an t-eintiteas IFRS 19 i bhfeidhm sula gcuireann sé IFRS 18 i bhfeidhm

Is dlúthchuid den Chaighdeán é an Foscríbhinn seo.

Leasaítear mír B8.

Ceart chun socraíocht dliteanas a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad

- B8 Agus míreanna 69–75 de IAS 1 á gcur i bhfeidhm, d’fhéadfadh eintiteas dliteanais a eascraíonn as socrúithe iasachta a aicmiú mar dhliteanais neamhreatha nuair atá sé de cheart ag an eintitis socraíocht na ndliteanas sin a chur siar faoi réir cúnaight a chomhlíonadh laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach mír 72B(b) de IAS 1). I gcásanna den sórt sin, nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) faisnéis faoi na cúnaight (lena n-áirítear cineál na gcúnait ag an tráth a cheanglaítear ar an eintiteas iad a chomhlíonadh) agus suim ghlanluacha na ndliteanas gaolmhar.
 - (b) fíorais agus imthosca, más ann dóibh, a léiríonn go bhféadfadh deacracht a bheith ag an eintiteas na cúnaight a chomhlíonadh — mar shampla, an t-eintiteas a ghníomhaigh le linn na tréimhse tuairiscithe nó ina dhiaidh chun sárú féideartha a sheachaint nó a mhaolú. D’fhéadfaí a áireamh freisin sna fíorais agus sna himthosca sin nach gcomhlíonfadh an t-eintiteas na cúnaight dá ndéanfaí measúnú orthu lena gcomhlíonadh bunaithe ar imthosca an eintitis ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Leasuithe ar Fhoscríbhinn C—Leasuithe ar Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS eile

Leagtar amach leis an bhFoscríbhinn seo leasuithe ar Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS eile. Cuirfidh eintiteas na leasuithe i bhfeidhm nuair a chuireann sé IFRS 19 i bhfeidhm.

Leasaítear an rúibric agus na leasuithe ar mhíreanna 26A agus 38 de IFRS 5 chun cloí leis na leasuithe a rinneadh le IFRS 18.

IFRS 5 Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú lena nDíol agus Oibríochtaí Scortha

Leasaítear míreanna 5B, 12, 26A agus 38 de IFRS 5.

Athruithe ar phlean díolacháin nó ar phlean dáilte d'úinéirí

- ...
- 26A Má dhéanann eintiteas athaicmiú ar shócmhainn (nó grúpa diúscartha) go díreach mar shócmhainn atá á sealbhú le díol go dtí sócmhainn arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí, nó arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí go díreach go dtí arna sealbhú le díol, meastar ansin an t-athrú ar aicmiú mar chuid leanúnach den bhunphlean maidir le diúscairt. Maidir leis an eintiteas:
- (a) ní leanfaidh sé an treoraíocht i míreanna 27-29 chun cuntas a choinneáil ar an athrú seo. Cuirfidh an t-eintiteas na ceanglais maidir le haicmiú, cur i láthair, tomhas agus nochtadh san IFRS seo is infheidhme maidir leis an modh diúscartha nua i bhfeidhm. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, cuirfidh sé na ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 19 i bhfeidhm in ionad na gceanglas maidir le nochtaí sa Chaighdeán Cuntasaíochta IFRS seo.
- ...

Cur i láthair agus nochtadh

- ...
- Sócmhainn neamhreatha nó grúpa diúscartha a aicmítear mar shócmhainn nó mar ghrúpa arna sealbhú le díol**
- 38 Cuirfidh eintiteas sócmhainn neamhreatha a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú lena díol agus sócmhainní grúpa diúscartha a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol i láthair ar leithligh ó shócmhainní eile sa ráiteas ar an staid airgeadais. Cuirfear dliteanais grúpa diúscartha a aicmítear mar dhliteanais arna sealbhú lena ndíol i láthair ar leithligh ó dhliteanais eile sa ráiteas ar an staid airgeadais. Ní dhéanfar na sócmhainní ná na dliteanais sin a fhritháireamh agus a chur i láthair mar mhéid amháin. Na haicmí móra de shócmhainní agus dliteanais a aicmítear mar shócmhainní agus dliteanais arna sealbhú lena ndíol, nochtfar iad ar leithligh sa ráiteas staid airgeadais nó sna nótaí, seachas mar a cheadaítear le mír 39 agus seachas i gcás ina gcuireann eintiteas IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí*. Aon ioncam nó speansas carnach a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile a bhaineann le sócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú lena díol, cuirfidh eintiteas iad i láthair ar leithligh.

Leasaítear an rúibric agus na leasuithe ar mhír C3(a) de IFRS 17 chun ailíniú leis na leasuithe a rinneadh le IFRS 18.

IFRS 17 Conarthaí Árachais

Leasaítear mír C3(a) de IFRS 17 agus cuirtear isteach fonóta.

- C3 Mura bhfuil sé dodhéanta déanamh amhlaidh, nó mura bhfuil feidhm ag mír C5A, cuirfidh eintiteas IFRS 17 i bhfeidhm go cúlghabhálach, ach amháin:
- (a) nach gceanglaítear ar an eintiteas an fhaisnéis chainníochtúil a cheanglaítear le mír 28(f) de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* nó, i gcás eintitis a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, le mír 178(f) de IFRS 19;* agus
- * Nuair a d’eisigh sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i mí Aibreáin 2024, d’athraigh IASB teideal IAS 8 go *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*.
-